

An Rialálaí
Carthanas

Charities
Regulator

**Treoir maidir le Cosaint
d'Eagraíochtaí Carthanúla
a Oibríonn le Daoine
Soghonta (Aosaigh)**

Eanáir 2020

Clár Ábhar

1.	Réamhrá	4
2.	Prionsabail um Chosaint – Daoine Soghonta (Aosaigh)	7
3.	Croícheanglais ar Eagraíochtaí a Oibríonn le Daoine Soghonta (Aosaigh)	10
4.	Measúnú Riosca	12
5.	Cosaintí agus Seiceálacha Sábháilteachta	13
6.	Liosta Acmhainní – Daoine Soghonta (Aosaigh)	15
	Aguisín - Reachtaíocht Iomchuí d'Eagraíochtaí a Oibríonn le Daoine Soghonta (Aosaigh)	16

SÉANADH DLÍTHIÚIL

Is é is aidhm don doiciméad seo faisnéis ghinearálta a thabhairt maidir le hiarratais ar chlárú faoi alt 39 den Acht Carthanas 2009. Níl sé ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar na dlíthe, na caighdeáin, na beartais agus na nósanna imeachta is infheidhme maidir le cosaint daoine soghonta (aosaigh). Tá an fhaisnéis sa doiciméad seo tógtha ó na beartais de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) dá dtagraítear ar leathanach 6. I gcás go bhfuil obair le daoine soghonta (aosaigh) i gceist leis na gníomhaíochtaí de chuid carthanais, ba cheart aon cheisteanna a bhaineann le measúnú riosca, seiceálacha sábháilteachta agus cosaint a chur ar an ngníomhaireacht Stáit chuí. Féadfaidh eagraíochtaí a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair a bhíonn siad ag déanamh cinntí ar cheann ar bith de na nithe a ndéantar tagairt dóibh sa doiciméad seo.

1

Réamhrá

I gcás go bhfuil obair le daoine soghonta (aosaigh) i gceist leis na gníomhaíochtaí de chuid eagraíochta carthanúla (“carthanas”), tá sé tábhachtach go mbeadh nósanna imeachta measúnaithe riosca, seiceálacha sábháilteachta agus cosaintí atá leordhóthanach i bhfeidhm ag an gcarthanas, ar nithe iad a chomhlíonann ceanglais faoi dhlí na hÉireann agus caighdeáin, beartais agus nósanna imeachta náisiúnta.

Cé nach dtagann cosaint daoine soghonta faoi shainchúram reachtúil an Rialálaí Carthanas, is amhlaidh go dtagann saincheisteanna a bhaineann le nósanna imeachta measúnaithe riosca, seiceálacha sábháilteachta agus cosaint chun cinn i gcomhthéacs iarratas ar chlárú ar an gClár Carthanas agus i gcomhthéacs na gcaighdeán riachtanach rialachais laistigh de charthanas chláraithe.

Ceanglais Chlárúcháin

De bhun alt 39 den Acht Carthanas 2009, chuir an Rialálaí Carthanas Clár Carthanas ar bun, rud ar a liostaítear gach carthanas cláraithe agus ar a soláthraítear faisnéis faoi na carthanas sin, lena n-áirítear na hiontaobhaithe agus an cuspóir carthanúil atá acu. Tá an Clár Carthanas ar fáil go poiblí agus is féidir é a rochtain trí shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas:

www.charitiesregulator.ie

Maidir le haon charthanas a bhfuil sé beartaithe aige oibriú nó gníomhaíochtaí a sheoladh sa Stát, ceanglaítear air iarratas a dhéanamh chuig an Rialálaí Carthanas ar chlárú ar an gClár Carthanas.

Leagtar amach in alt 39(5) den Acht Carthanas 2009 na nithe nach mór a bheith in aon iarratas ar chlárú ar an gClár Carthanas, lena n-áirítear an ceanglas go sonróaí in aon iarratas –

*“na nósanna imeachta measúnachta priacail, na seiceálacha sábháilteachta agus na cosaintí a úsáideann an eagraíocht charthanúil i gcás go n-áirítear ar a cuid gníomhaíochtaí a bheith ag obair le daoine soghonta (lena n-áirítear seanóirí, leanaí agus daoine óga, na heasláin, an lucht míchumais agus an lucht éislinne)”.*¹

Ní mór d'iarratasóirí ar stádas carthanúil na doiciméid sin a sholáthar agus foirm iarratais á cur isteach acu. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go gcomhlíonann na nósanna imeachta measúnaithe riosca, na seiceálacha sábháilteachta agus na cosaintí lena mbaineann na ceanglais dhlíthiúla agus na caighdeáin is infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí beartaithe agus iarbhír a dhéantar agus go bhfíoraítear go neamhspleách iad.

1 Mír (l) d'alt 39(5) den Acht Carthanas 2009

Caighdeáin Riachtanacha Rialachais

D'fhoilsigh an Rialálaí Carthanas an Cód Rialachais do Charthanais i mí na Samhna 2018. Leagtar amach sa Chód Rialachais do Charthanais sé chroíphrionsabal agus 32 chaighdeán a bhfuiltear ag súil leis go gcomhlíonfaidh gach carthanas cláraithe iad. Leagtar amach ann freisin 17 gcaighdeán bhreise do na carthanais is casta.

Foráiltear don méid seo a leanas le Prionsabal 4 den Chód Rialachais do Charthanais, a bhaineann leis an bprionsabal nach mór d'iontaobhaithe carthanais rialú a fheidhmiú ar a gcarthanas:

“Ní mór do gach carthanas, is cuma cé chomh casta agus atá siad, seasamh le gach ceanglas dlíthiúil agus rialála a bhaineann leis an obair a dhéanann siad. Is iad na hiontaobhaithe carthanais atá freagrach as a chinntiú go seastar leis na ceanglais sin”.

Maidir leis na Croíchaighdeáin a thagann faoin bprionsabal um rialú a fheidhmiú, foráiltear leo go gceanglaítear ar charthanais roinnt nithe a dhéanamh chun an prionsabal a chur i bhfeidhm. Áirítear leo sin na nithe seo a leanas:

- “Faigh amach cé na dlíthe agus na ceanglais rialála a bhaineann le do charthanas agus comhlíon na dlíthe agus na ceanglais sin”², agus
- “Sainaithe aon rioscaí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do charthanas agus conas a bhainisteofar iad”.³

Maidir leis na caighdeáin bhreise a thagann faoin bprionsabal um rialú a fheidhmiú agus a bhfuil feidhm acu maidir leis na carthanais is casta, foráiltear leo don méid seo a leanas:

- “Bíodh nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm agat chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann tú gach ceanglas dlíthiúil agus rialála atá ábhartha” (caighdeán breise 4.7); agus
- “Déan breithniú ar chaighdeáin bhreise dea-chleachtais a ghlacadh, ar chaighdeáin iad a bhaineann leis an obair ar leith a dhéanann do charthanas” (caighdeán breise 4.9).

Mar achoimre, cuirtear in iúl go soiléir sa Chód Rialachais nach mór do charthanais cloí le gach ceanglas dlíthiúil agus rialála agus nach mór dóibh nósanna imeachta scríofa a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh déanamh amhlaidh. Ní mór do charthanais sainaithe a dhéanamh ar rioscaí, agus ar conas a bhainisteofar na rioscaí sin, agus caighdeáin dea-chleachtais a ghlacadh freisin. Tá feidhm ag na ceanglais sin i ngach réimse, lena n-áirítear i gcás go n-oibríonn carthanas le daoine soghonta.

I gcás go bhfuil obair le daoine soghonta i gceist le gníomhaíochtaí an charthanais, tá sé rithábhachtach go mbeadh iontaobhaithe an charthanais agus gach duine a oibríonn agus a dhéanann obair dheonach leis an gcarthanas ar an eolas faoi na ceanglais chosanta is infheidhme agus go mbeadh na nósanna imeachta measúnaithe riosca, na seiceálacha sábháilteachta agus na cosaintí atá riachtanach i bhfeidhm acu.

2 Croíchaighdeán 4.2

3 Croíchaighdeán 4.5

Carthanais a Sholáthraíonn Seirbhísí Thar Lear

I gcás eagraíochtaí a bhfuil sé beartaithe acu seirbhísí a sholáthar do dhaoine soghonta thar lear, is amhlaidh, le linn dó féachaint ar iarratas ar chlárú ó eagraíocht den sórt sin, go ndéanfaidh an Rialálaí Carthanas breithniú ar an gceanglas atá ann níosanna imeachta measúnaithe riosca, seiceálacha sábháilteachta agus cosaintí a shonrú ach tagairt a dhéanamh do dhlíthe náisiúnta agus d'aon treoir, aon bheartais agus aon níosanna imeachta náisiúnta a bhfuil feidhm acu i bPoblacht na hÉireann. Ní mór do charthanais a chinntiú, áfach, go gcomhlíonann siad na ceanglais sin maidir le cosaint daoine soghonta atá i bhfeidhm sa tír ina bhfuil seirbhís á soláthar acu nó ina soláthróidh siad seirbhís. Ba cheart do charthanais comhairle neamhspleách a lorg i gcás nach bhfuil siad cinnte faoi na hoibleagáidí atá orthu.

Cuspóir an Treoirnóta seo

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an treoir seo dírithe ar charthanais a oibríonn le **daoine soghonta (aosaigh)**. Áirítear le haon tagairtí d'aosaigh shoghonta daoine scothaosta, daoine atá tinn agus daoine atá faoi mhíchumas. Chuir an Rialálaí Carthanas treoir ar leith le chéile do charthanais a bhfuil obair le leanaí i gceist lena gcuid gníomhaíochtaí. Tá an treoir sin ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Rialálaí Carthanas.

Is é cuspóir an treoirnóta seo forbhreathnú leathan a thabhairt ar phrionsabail um chosaint, ar phríomhcheanglais reachtacha agus ar threoir, beartais agus níosanna imeachta iomchuí náisiúnta a bhaineann le cosaint daoine soghonta (aosaigh).

Sainaitheann sa treoir seo freisin acmhainní atá ar fáil ó ghníomhaireachtaí eile ar mhaithe lena chinntiú go bhfuil cosaintí lena dtugtar cosaint leordhóthanach do dhaoine soghonta (aosaigh) i bhfeidhm. Cabhróidh sé sin le heagraíochtaí atá ag iarraidh iarratas a dhéanamh ar chlárú ar an gClár Carthanas. Cabhróidh sé le carthanais chláráithe freisin, agus iad ag iarraidh na caighdeáin atá leagtha amach sa Chód Rialachais a chomhlíonadh.

Níl an treoir dhoiciméad seo ina ráiteas críochnúil ar na dlíthe, na caighdeáin, na beartais agus na níosanna imeachta is infheidhme maidir le cosaint daoine soghonta (aosaigh). I gcás go bhfuil obair le daoine soghonta (aosaigh) i gceist leis na gníomhaíochtaí de chuid carthanais, ba cheart aon cheisteanna a bhaineann le measúnú riosca, seiceálacha sábháilteachta agus cosaint a chur ar an ngníomhaireacht Stáit chuí. Tá liosta d'fhoinsí teagmhála agus de na hacmhainní atá ar fáil tugtha ag deireadh an doiciméid seo.

Tógadh cuid den téacs sa treoir seo ó na nithe seo a leanas;

- › *'Daoine Soghonta atá i mBaol Drochúsáide a Chosaint – Beartas agus Níosanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014), dá ngairfear an doiciméad 'Beartas agus Níosanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014) anseo feasta*
- › *Dréacht-Bheartas Deiridh FSS um Aosaigh a Chosaint (2019).*

2

Prionsabail um Chosaint – Daoine Soghonta (Aosaigh)

D'fhoilsigh an Rannóg um Chúram Sóisialta i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) doiciméad dar teideal *Daoine Soghonta atá i mBaol Drochúsáide a Chosaint – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta (a Chuimsíonn Seirbhísí um Dhrochúsáid Seanóirí agus Seirbhísí do Dhaoine faoi Mhíchumas)*. Cé go bhfuil an beartas sin á nuashonrú faoi láthair, níor cuireadh an leagan nua den bheartas chun feidhme go fóill. Dá bhrí sin, tá an beartas a foilsíodh sa bhliain 2014 fós i bhfeidhm.

Foráiltear leis an doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014) go measfaidh FSS, chun críocha an bheartais agus na nósanna imeachta, gurb ionann duine soghonta agus aosach a bhféadfadh go mbeadh cumas srianta aige/aici chun é/í féin a chosaint ar dhíobháil nó ar dhúshaothrú nó chun díobháil nó dúshaothrú den sórt sin a thuirisciú.

Tá raon feidhme an doiciméid 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014)⁴ agus na daoine a bhfuil feidhm aige maidir leo leagtha amach go soiléir sa doiciméad sin. Maidir le gach carthanas a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar do dhaoine soghonta (aosaigh) agus a thagann faoi raon feidhme an doiciméid 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014), ba cheart dóibh a chinntiú go gcomhlíonann siad an beartas agus na nósanna imeachta sin.

Mar atá leagtha amach sa doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014), baineann ríthábhacht leis na prionsabail seo a leanas maidir le daoine soghonta (aosaigh) a chosaint ar dhrochúsáid:

- > Cearta an Duine
- > Díriú ar an Duine
- > Tathant
- > Rúndacht
- > Cumhachtú
- > Comhoibriú

4 Daoine Soghonta atá i mBaol Drochúsáide a Chosaint – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2014

Is iad seo a leanas na 11 bhunphrionsabal um chosaint atá leagtha amach i nDréacht-Bheartas Deiridh FSS um Aosaigh a Chosaint (2019)⁵:

- 1.** Tá gach duine freagrach as cosaint.
- 2.** Ní mór do gach duine cur chuige ‘neamhfhulaingthe’ a ghlacadh i leith aon chineáil drochúsáide.
- 3.** Is ar an duine a bhfuil ábhar imní cosanta aige/aici atá an dualgas chun an t-ábhar imní a thuairisciú.
- 4.** Níor cheart aon mhoill a bheith ann ar ábhar imní cosanta a thuairisciú.
- 5.** Is gá sábháilteacht an aosaigh atá i mbaol drochúsáide a chinntiú láithreach.
- 6.** Níor cheart aon mhoill a bheith ann ar Phlean Cosanta a chur chun feidhme.
- 7.** Is gné lárnach de chosaint é dea-oibriú comhoibríoch. Ba cheart do gach páirtí aon fhaisnéis iomchuí atá ar eolas acu a chomhroinnt de réir na rialacha um chosaint sonraí agus um rúndacht cliaint.
- 8.** Ní mór bainistiú cuí a dhéanamh ar aon fhaisnéis faoi aosach agus ní mór an fhaisnéis sin a chomhroinnt/a phróiseáil ar bhonn “riachtanais” le FSS/le seirbhísí atá á gcistiú ag FSS agus le húdaráis reachtúla iomchuí.
- 9.** Ba cheart cosaint a bhunú ar chur chuige ina bhfuil an t-aosach i gcoíllár na gcinntí agus na ngníomhartha uile a dhéantar.
- 10.** Ba cheart do ghairmí cúram sláinte nó cúraim shóisialta a bhfuil aithne ag an aosach atá i mbaol drochúsáide air/uirthi cheana féin, nó atá sannta don aosach atá i mbaol drochúsáide, ról a bheith aige/aici san ábhar imní a bhainistiú, nuair is féidir agus nuair is cuí.
- 11.** Gné lárnach de chosaint aosach is ea cumas agus toiliú. Ní mór an ceart atá ag duine chun cinntí a dhéanamh agus smacht a choinneáil ar a s(h)aol féin a urramú.

Tagraítear do na pointí thíos sa doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014). Ba cheart do charthanas a thagann faoi raon feidhme an doiciméid 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014) eolas a chur ar na pointí seo.

- › Tiomanta do dhaoine soghonta (aosaigh) a chosaint ar dhrochúsáid.
- › Tá sé de cheart ag gach aosach chun bheith sábháilte agus chun saol atá saor ó dhrochúsáid a bheith acu.
- › Tá gach duine i dteideal an chirt sin, beag beann ar a n-imthosca.
- › Tá sé de fhreagracht ar gach soláthraí seirbhíse, idir sholáthraithe reachtúla agus sholáthraithe neamhreachtúla, a chinntiú go gcaitear le daoine soghonta (aosaigh) le meas agus le dínit, go gcuirtear leas daoine soghonta (aosaigh) chun cinn agus go bhfaigheann daoine soghonta (aosaigh) tacaíocht i dtimpeallacht ina ndéantar gach iarracht chun leas a chur chun cinn agus chun drochúsáid a chosc.
- › Ní mór do gach soláthraí seirbhíse cur chuige 'Neamhfhulaingthe' atá dearbhaithe go poiblí a bheith i bhfeidhm acu i leith aon chineáil drochúsáide agus ní mór dóibh cultúr ina gcothaítear an t-éiteas sin a chur chun cinn.
- › I ngach beartas agus nós imeachta, ní mór leas a chur chun cinn, cuimsiú agus trédhearcacht a léiriú i soláthar seirbhísí agus cultúr cosanta a chothú.
- › Tá sé de cheart ag daoine soghonta (aosaigh) go dtabharfaí cosaint dóibh ar dhrochúsáid agus go dtabharfaí aghaidh ar aon ábhair imní atá acu maidir le heispéiris drochúsáide. Tá sé de cheart acu go gcaithfí leo le meas agus chun a bhrath go bhfuil siad sábháilte.

Tá sé de cheart ag gach aosach chun bheith sábháilte agus chun saol atá saor ó dhrochúsáid a bheith acu.

3

Croícheanglais ar Eagraíochtaí a Oibríonn le Daoine Soghonta (Aosaigh)

Tá feidhm ag an doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014):


- › Maidir le gach soláthraí seirbhíse reachtúil agus gach soláthraí seirbhíse neamhreachtúil atá á gcistiú go poiblí (lena n-áirítear eagraíochtaí brabúis) a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar do dhaoine soghonta. Tá feidhm aige maidir le gach ball foirne agus oibrí deonach.
- › I ngach suíomh seirbhíse, lena n-áirítear an baile, socrúcháin mhalartacha teaghlaigh, cúram cónaithe, seirbhísí faoisimh, cúram lae agus maireachtáil neamhspleách (tá seirbhísí gaolmhara tacaíochta amhail an t-iompar i gceist leis sin freisin).
- › Maidir le gach seirbhís iomchuí eile atá á soláthar go díreach ag FSS.
- › I gcásanna nach bhfuil seirbhísí foirmiúla cúram sláinte nó cúraim shóisialta i bhfeidhm iontu agus inar tarraingíodh ábhair imní anuas – mar shampla, ábhair imní atá ag comharsana, ag baill teaghlaigh nó ag daoine den phobal maidir le duine aonair a chosaint – agus ina bhfuil freagairt seirbhíse sláinte agus/nó seirbhíse sóisialta ag teastáil.

Mar atá leagtha amach sa doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014), ní mór an Beartas Náisiúnta ó FSS a úsáid i gcomhar leis na nithe seo a leanas, de réir mar is cúí:

- › Caighdeán Náisiúnta um Sheirbhísí Cónaithe do Leanaí agus Aosaigh faoi Mhíchumas, (Caighdeán 3)
- › Caighdeán Cháilíochta Náisiúnta um Shuíomhanna Cúram Cónaithe do Dhaoine Scothaosta in Éirinn, (Caighdeán 8)
- › Beartais FSS le haghaidh Bainistiú a Dhéanamh ar Líomhaintí Drochúsáide in aghaidh Baill Foirne
- › Beartas Náisiúnta Toilithe FSS
- › Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta
- › Beartas um Bainistíocht Teagmhas Sábháilteachta

Mar atá leagtha amach thuas, is amhlaidh, maidir le gach carthanas a bhfuil freagracht orthu as seirbhísí cúram sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar do dhaoine soghonta (aosaigh) agus a thagann faoi raon feidhme an doiciméid 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS, gur cheart dóibh a chinntiú go gcomhlíonann siad an beartas agus na nósanna imeachta sin.

Ceann de na croífhreagrachtaí rialachais atá ann is ea a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta um chosaint agus cleachtais ghaolmhara i bhfeidhm agus oiriúnach do na seirbhísí a sholáthraítear. Aon doiciméid bheartais atá sainiúil don tseirbhís agus a forbraíodh agus a cuireadh chun feidhme le haghaidh daoine soghonta a chosaint, ní mór iad a athbhreithniú in aghaidh an doiciméid 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014) agus ní mór cloí leis an mbeartas agus na nósanna imeachta sin iontu. Beidh sé de fhreagracht ar gach carthanas comhlíonadh a chinntiú agus a thaispeáint.



**Beidh sé de
fhreagracht ar
gach carthanas
comhlíonadh a
chinntiú agus a
thaispeáint.**

4

Measúnú Riosca

Mar atá leagtha amach sa doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014), ní mór do gach eagraíocht nós imeachta éifeachtach a bheith i bhfeidhm acu le haghaidh measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann le cosaint. Is é an aidhm atá le measúnú agus bainistiú á dhéanamh ar rioscaí ná íoslaghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtiocfaidh an riosca chun cinn agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige, agus urraim á tabhairt ag an am céanna don uailmhian atá ann go bhfuil an duine aonair i dteideal an saol is iomláine agus is féidir a chaitheamh. Ó thaobh cosanta de, is é an aidhm atá le measúnú agus bainistiú riosca ná drochúsáid a chosc, laghdú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh drochúsáid agus, i gcás go dtarlóidh drochúsáid, an tionchar atá aici a íoslaghdú ach freagairt go héifeachtach di. Ba cheart d'eagraíocht bearta laghdú riosca a chur i bhfeidhm i leith gach gníomhaíochta agus cláir iomchuí agus meastóireacht a dhéanamh ar na bearta sin. De réir an doiciméid 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014), ba cheart breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas le linn riosca a bhainistiú:

- › Agus riosca á mheasúnú agus á bhainistiú, ba cheart neamhspleáchas, fíor-roghanna agus cuimsiú sóisialta daoine soghonta (aosaigh) a chur chun cinn.
- › Athraíonn rioscaí de réir mar a athraíonn imthosca.
- › Is féidir riosca a íoslaghdú ach ní féidir deireadh a chur leis.
- › Tar éis riosca a shainithint, tá dualgas ann an riosca sainaitheanta a bhainistiú.
- › Cabhraíonn teagmháil le daoine soghonta (aosaigh), lena dteaghlach, le tathantóirí agus le cleachtóirí ó sheirbhísí agus eagraíochtaí difriúla le feabhas a chur ar cháilíocht na measúnuithe riosca agus ar chinnteoireacht.
- › Is ionann cinntí inchosanta agus cinntí atá bunaithe ar réasúnaíocht shoiléir.
- › Uaireanta, is é a bhíonn i gceist le glacadh rioscaí ná go n-oibríonn gach duine le chéile chun na torthaí atá á lorg a ghnóthú.
- › Is ceart í rúndacht, ach ní dearbhcheart í. Féadfar an ceart chun rúndachta a shárú in imthosca eisceachtúla ina meastar go bhfuil daoine i mbaol díobhála nó ina bhfuil sé chun leas an phobail déanamh amhlaidh.
- › Ní mór don bhainisteoir foirne/don mhaoirseoir foirne na caighdeáin chleachtais a bhfuiltear ag súil leo ó bhaill foirne agus oibrithe deonacha a chur in iúl go soiléir dóibh.
- › I gcás gur thit eachtra amach, ba cheart íogaireacht a léiriú i leith eispéireas na ndaoine a ndeachaigh aon rioscaí a glacadh i bhfeidhm orthu.

5

Cosaintí agus Seiceálacha Sábháilteachta

Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint

Ar aon dul leis an Acht Carthanas 2009, is amhlaidh, chun críocha clárúcháin, nach mór na seiceálacha sábháilteachta a úsáideann an carthanas a shonrú san iarratas uaidh. Measann an Rialálaí Carthanas go n-áirítear le seiceálacha sábháilteachta an beartas agus na nósanna imeachta um dhaoine soghonta atá i mbaol drochúsáide a chosaint. Ba cheart an beartas agus na nósanna imeachta sin a bheith i gcomhréir leis an doiciméad 'Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS (2014) nó le haon leagan nuashonraithe de.

Nuair a fhorbraítear beartas agus nósanna imeachta um chosaint, léirítear go bhfuil tiomantas ann do leas daoine soghonta (aosaigh) atá i mbaol drochúsáide a chur chun cinn ionas gur féidir leo saol iomlán fiúntach a bheith acu i dtimpeallachtaí sábháilte tacúla. Léirítear go bhfuil tiomantas ann freisin d'fheidhmiú iomlán na gceart atá ag daoine agus feidhmiú iomlán na bhfreagrachtaí atá orthu a urramú.

Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a bheith sa doiciméad beartais agus nósanna imeachta um chosaint;

- › Cineálacha coisctheacha cur chuige, lena n-áirítear cur chuige "Neamhfhulaingthe" i leith aon chineáil drochúsáide
- › Freagairt d'ábhair imní nó líomhaintí maidir le drochúsáid daoine soghonta (aosaigh)
- › Ábhair imní nó líomhaintí maidir le drochúsáid daoine soghonta (aosaigh) a thuairisciú
- › Baill foirne/oibríthe deonacha a earcú agus a bhainistiú
- › Feasacht agus oiliúint maidir le cosaint

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána ar Bhaill Foirne/Oibríthe Deonacha

Tá na hoibleagáidí reachtúla atá ar fhostóirí i ndáil le ceanglais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le daoine soghonta leagtha amach sna hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012–2016.

Eisíonn an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin nochtáí grinnfhiosrúcháin chuig eagraíochtaí a fhostaíonn daoine a oibríonn ar bhonn lánaimseartha, páirtaimseartha nó deonach nó ar bhonn socrúcháin mhic léinn le leanaí agus/nó daoine soghonta.

Tugtar san Acht sainmhíniú reachtúil ar dhuine soghonta, is é sin:

“duine, seachas leanbh-

- (a) *Atá ag fulaingt ó neamhord meabhrach, cibé acu de dheasca meabhairghalair nó néaltraithe,*
- (b) *Atá faoi mhíchumas intleachta,*
- (c) *Atá ag fulaingt ó lagú fisiceach, cibé acu de dheasca gortaithe, tinnis nó aoise,*
- (d) *Atá faoi mhíchumas fisiceach,*

Atá de chineál nó de shaghas-

- (i) *A chuireann srian ar an gcumas atá ag an duine chun é nó í a chosaint ar dhíobháil ó dhuine eile, nó*
- (ii) *A bhfuil de thoradh air go dteastaíonn ón duine cúnamh le gníomhaíochtaí na beatha laethúla ar nós gléasadh, ithe, siúl, ní agus folcadh”.*

Mura bhfuil carthanas cinnte faoi cé acu ba cheart nó nár cheart a chuid ball foirne a chur faoi réir ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, ba cheart dó teagmháil a dhéanamh leis an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin.

Ní dhéanann an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin cinntí ar a oiriúnaí atá aon duine do bheith ag obair le leanaí agus daoine soghonta. Ina ionad sin, eisíonn an Biúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin nochtadh grinnfhiosrúcháin chuig an eagraíocht earcaíochta ionchasach agus é ag freagairt d'iarraidh scríofa ar ghrinnfhiosrúchán. Is é atá sa nochtadh sin i gcásanna áirithe ná mionsonraí faoi chiontuithé nó faoi ionchúisimh atá ar feitheamh agus faisnéis shonraithe eile faoin duine atá le grinnfhiosrú.

Is faoin eagraíocht earcaíochta i gcónaí a bhíonn sé cinntí a dhéanamh ar a oiriúnaí atá duine dá (h)earcú agus níor cheart na torthaí ón ngrinnfhiosrú a úsáid ach mar chuid amháin den chinneadh earcaíochta.

6

Resource List – Vulnerable Persons (Adults)

<https://www.hse.ie/eng/about/who/socialcare/safeguardingvulnerableadults/>

Tugann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) treoir agus acmhainní d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine soghonta. Tá an treoir agus na hacmhainní sin ar fáil ar a suíomh Gréasáin (www.hse.ie).

Foilseacháin, Doiciméid Tacaíochta, Teimpléid Shamplacha agus Foirmeacha

- › Dréacht-Bheartas Deiridh FSS um Aosaigh a Chosaint, 2019 (le cur chun feidhme)
- › 'Daoine Soghonta atá i mBaol Drochúsáide a Chosaint – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta' ó FSS, 2014
- › Doiciméad Ceisteanna Coitianta faoin mbeartas
- › Sreabhchairt ina léirítear an Nós Imeachta maidir le Daoine Soghonta a Chosaint – comhad PDF (245.5 KB)
- › Bileog Faisnéise Sholáite d'Úsáideoirí Seirbhíse maidir le Cosaint
- › Foirmeacha Tarchurtha Pobail um Dhaoine Soghonta a Chosaint
- › Rochtain ar Acmhainní i dtaca le Drochúsáid Seanóirí
- › Faisnéis do Theaghlaigh maidir leis an mBeartas um Chosaint
- › Treoir maidir le Féinfhaillí

I gcomhpháirt lena chéile, d'fhorbair an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) agus an Coimisiún Meabhair-Shláinte Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint Aosach (arna bhfoilsíú i mí na Nollag 2019). Is féidir iad a rochtain ar www.hiqa.ie agus ar www.mhcirl.ie.

Tá Safeguarding Ireland ina eagraíocht neamhbhrabúis a cuireadh ar bun le tacaíocht ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus ó Rialtas na hÉireann. Soláthraíonn an eagraíocht roinnt shuntasach faisnéise agus acmhainní ag www.safeguardingireland.org.

Tá faisnéis agus acmhainní ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne Sláinte ag www.health.gov.ie freisin.

Tá faisnéis reachtaíochta ar fáil ar www.gov.ie

Aguisín - Reachtaíocht Iomchuí d'Eagraíochtaí a Oibríonn le Daoine Soghonta (Aosaigh)

Is ann do roinnt príomhphíosaí reachtaíochta a bhaineann le leas agus cosaint daoine soghonta. Tá forbhreathnú achomair ar an reachtaíocht iomchuí ar fáil i dTábla 2 thíos. Níl sé ceaptha a bheith ina thuairim dlí ná ina chomhairle dlí agus, má bhíonn amhras ort, ba cheart duit féachaint ar an reachtaíocht bunaidh.

Tábla 2

<p>Na hAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012–2016</p>	<p>Faoi na hAchtanna seo, tá sé ina cheanglas ar fhostóirí nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil i leith aon duine atá ag déanamh obair iomchuí le leanaí nó le haosaigh shoghonta. Leis na hAchtanna, cruthaítear cionta agus pionóis do dhaoine a mhainníonn cloí le forálacha na hAchtanna. Tá na hoibleagáidí reachtúla atá ar fhostóirí i ndáil le ceanglais ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do dhaoine a oibríonn le leanaí agus le haosaigh shoghonta leagtha amach sna hAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta), 2012–2016. I gCuid 2 de Sceideal 1, leagtar amach an obair iomchuí nó na gníomhaíochtaí iomchuí a bhaineann le daoine soghonta.</p>
<p>An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Daoine Soghonta a Choimeád Siar), 2012</p>	<p>Faoi Acht seo, is cion coiriúil é faisnéis a choimeád siar má bhaineann sí le cion tromchúiseach, lena n-áirítear cion gnéasach, in aghaidh duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois nó in aghaidh duine soghonta. Tagann an cion chun cinn i gcás gurb eol do dhuine nó go gcreidfidh sé nó sí go ndearnadh cion sonraithe in aghaidh linbh nó duine soghonta agus go mbeidh faisnéis aige nó aici a chabhródh le duine eile a ghabháil, a ionchúiseamh nó a chiontú sa chion sin, agus go mainneoidh sé nó sí gan leithscéal réasúnach an fhaisnéis sin a nochtadh a luaithe is indéanta déanamh amhlaidh do chomhalta den Gharda Síochána.</p>

<p>An tAcht Sláinte 2007</p>	<p>Is é atá sna Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Tacaíocht do Chónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine atá faoi Mhíchumas (Aosaigh agus Leanaí)), 2013, ná forbairt shuntasach maidir le leanaí agus aosaigh a úsáideann seirbhísí cónaithe a chosaint. Tháinig na rialacháin sin i bhfeidhm an 1 Samhain 2013. Déantar tagairt shonrach do chosaint laistigh de na rialacháin. Luaitear i gCuid 2, Airteagal 8(1), de na rialacháin go “[g]cosnóidh an soláthraí cláraithe cónaitheoirí ar gach cineál drochúsáide”. Luaitear i gCuid 8 – Fógra a Thabhairt faoi Theagmhais, Airteagal 31(1), go “[d]tabharfaidh an duine i gceannas fógra i scríbhinn don phríomhchigire laistigh de 3 lá oibre ó tharlú na ndrochtheagmhas seo a leanas i lárionaid ainmnithe: Áirítear leis sin (Airteagal 31(1) (f)) aon líomhain go ndearnadh drochúsáid ar aon chónaitheoir, bíodh sí amhrasta nó deimhnithe.”</p> <p>Maidir leis na Rialacháin um an Acht Sláinte 2007 (Cúram agus Leas Cónaitheoirí i Lárionaid Ainmnithe do Dhaoine Scothaosta), 2009 (arna leasú), leagtar amach in Airteagal 6(1) agus (2) na socruithe atá le cur i bhfeidhm ag an soláthraí cláraithe agus ag an duine i gceannas i dtaca le cónaitheoirí a chosaint ar gach cineál drochúsáide, lena n-áirítear a chinntiú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh drochúsáid a chosc, cosaint ar dhrochúsáid agus freagairt do dhrochúsáid agus le haghaidh aon teagmhais a thaifeadadh agus gníomhaíocht chuí a dhéanamh i gcás go ndéanfar díobháil do chónaitheoir nó go dtabharfar drochúsáid dó nó di.</p>
<p>An tAcht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 (Nach bhfuil tosaithe go hiomlán fós)</p>	<p>Leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, cumasaítear aird chuí a thabhairt ar chumas an duine chun é nó í féin a choinneáil sábháilte agus ar chur i bhfeidhm iomchuí an toilithe. Leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015, rialaítear an dlí a bhaineann le haosaigh a bhfuil deacrachtaí cinnteoireachta acu. Rud eile a dhéantar leis is ea go n-athraítear an sainmhíniú ar ‘cumas’ leis. Cé gur measúnaíodh cumas ar bhonn ‘stádais’ roimhe seo, is amhlaidh anois gur cheart é a mheasúnú ar bhonn ‘feidhme’. Leis an Acht, cruthaítear córas nua chun tacú le daoine cinntí a dhéanamh agus aisghairtear Córas na gCoimircithe Cúirte.</p>

**An Bille
beartaithe
um Aosaigh a
Chosaint, 2017**

I mí an Mhárta 2017, tugadh an Bille um Aosaigh a Chosaint isteach sa Seanad agus rinneadh díospóireacht ar phrionsabail ghinearálta an Bhille. Fuarthas tacaíocht traspháirtí don Bhille agus cuireadh ar aghaidh é chuig céim an choiste. I mí Dheireadh Fómhair 2017, pléadh é ag an gComhchoiste um Shláinte.

Áirítear na nithe seo le príomhfhorálacha an Bhille:

- › Sainmhínithe - “aosach atá i mbaol” a bheith mar dhuine nach bhfuil in ann é nó í féin a chosaint ar dhíobháil
- › Údarás Náisiúnta um Chosaint Aosach a bhunú
- › Cumhachtaí a bheith ag an Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh
- › An ceart a bheith ag duine údraithe chun dul isteach agus cigireacht a dhéanamh Oibleagáidí maidir le Tuairisciú
- › An ceart chun tathantóir neamhspleách a rochtain.

Uimhir Thagartha an Doiciméid SE GLS 8.2.1 021

An Rialálaí Carthanas
3 Duga Sheirse
An Lárionad Seirbhísí Airgeadais
Idirnáisiúnta Baile Átha Cliath 1
D01 X5X0
Teileafón: 01 633 1500

www.charitiesregulator.ie

© An Rialálaí Carthanas 2020